Teicneolaíocht an Teastais Shóisearaigh

Gnáthleibhéal

Fóilió Dearaidh

SAMPLA

Bliain 20XX

Tasc Dearaidh C

Scrúduimhir 246810

Uimhir Rolla na Scoile 13,579B

Tabhair faoi deara:
Leanann leagan amach an ábhair sa bhfóilió dearaidh eiseamláire seo na ceannteidil atá leagtha amach i gcáipéis na dTasc Dearaidh Teicneolaíochta (Tag. CSS S.67).

Ní fheidhmíonn an t-ábhar féin ach mar threoirlíne don choimre atá curtha i láthair.

Anailís den tasc roghnaithe

Athscríobh an coimre dearaidh **roghnaithe** sa spás a sholáthraítear:

Dear agus déan bosca seodra maisiúil.
Caithfear gné leictreonach nó leictrimeicniúil a chomhtháthú sa bhosca. Cuirtear an ghné seo i ngníomh nuair a osclaítear an bosca.

I do chuid focal féin, liostaigh na **gnéithe tábhachtacha** den choimre dearaidh **thuas**:

Caithfidh an dearadh bosca seodra maisiúil a chruthú.

Caithfidh sé gné leictreonach nó leictrimheicniúil a chur san áireamh – d'fhéadfadh solas, gluaiseacht nó torann a bheith i gceist leis seo.

Caithfidh an ghné feidhmiú nuair a osclaítear an bosca agus caithfidh sé stopadh nuair a dhúntar an bosca.

I do chuid focal féin, liostaigh cuid de do shonraíochtaí **féin** don choimre dearaidh thuas:

Caithfidh mé bosca seodra dathannach agus maisiúil a dhéanamh.

Caithfidh sé mórán cineálacha éagsúla seodra a stóráil go daingean, .i. fáinní cluasa, fáinní, bráisléid agus slabhraí.

Caithfidh an ghné feidhmiú nuair a osclaítear clúdach nó tarraiceán.

Caithfidh an bosca a bheith sábháilte le húsáid agus gan aon chúinní, ciumhaiseanna faobhair, s.rl.

Caithfidh na sreanga uile a bheith i bhfolach ó radharc.

Caithfear a bheith in ann teacht ar an gciorcad agus/nó meicníocht.

Tabhair faoi deara: Is éard atá i gceist le sonraíocht ná liosta rudaí nach mór dod' dhearadh a dhéanamh chun go n-oibreodh sé go maith.

Taighde – Imscrúdú ar réitigh eiseacha

Déan cur síos ar an bhfoirm(na foirmeacha) taighde curtha i gcrích (m.sh. idirlíon, leabhair, catalóga, cuairt ar shiopaí, ceantair spéise áitiúla, agallamh s.rl.)

- B'fhéidir go gcabhródh sé staidéar a dhéanamh ar **réitigh eiseacha** ar an gcoimre dearaidh.
- D'fhéadfadh go n-áireodh sé seo taighde a dhéanamh ar **chomhpháirteanna**, **meicníochtaí** agus/nó **ciorcaid** oiriúnacha.

Liostaigh foirm(eacha) taighde:

Chuaigh mé ar an idirlíon agus chuardaigh mé boscaí seodra ar Google.

Fuair mé na suímh seo a leanas: www.amazon.co.uk,

www.jewelryboxes123.com

Chuardaigh mé boscaí seodra in íomhánna Google freisin.

Chomh maith leis sin d'fhéach mé ar na boscaí seodra i gcatalóg Argos.

Cad a fuair tú amach?

Taighde – Imscrúdú ar réitigh eiseacha

Cad a fuair tú amach? (ar lean)

Cén t-eolas atá faighte agat a d'fhéadfadh a bheith úsáideach i bhforbairt do chuid smaointe dearaidh?

- Tá méideanna éagsúla boscaí seodra ar fáil.
- Seinneann roinnt acu ceol nuair a osclaítear iad. Féadtar iad seo a fheidhmiú ag baint úsáide as meicníocht tochrais nó cadhnra.
- Tá bábóg bheag i gcuid acu a chasann nuair a osclaítear an clúdach.
- Bhí lasc i gclúdach roinnt bhoscaí chun solas a lasadh.
- Bhí formhór na mboscaí déanta as adhmad. Bhí roinnt acu déanta as plaisteach.
- Rinne mé taighde ar roinnt comhpháirteanna le haghaidh mo chiorcaid.
- D’fhéadfainn mótar giarbhosca, LED nó bolgán a úsáid.

Development of ideas

Make a sketch of at least one possible idea for your chosen task.

Explain briefly how your design(s) will work.

Note: Label all components (e.g. switches, LEDs etc.)

Colour may be used to enhance your ideas.



Dearadh A: Tá 3 tharraiceán agus dhá urrann ag an mbosca seo chun tosaigh. Tá mótar suite sa chuid láir agus rothlóidh sé nuair a osclófar an doras.

Forbairt smaointe



Dearadh B: Tá clúdach ag an mbosca seo a osclaíonn agus a chuimsíonn 3 urrann bheag le haghaidh fáinní agus dhá chuid níos mó le haghaidh seodra níos mó. Tá an ciorcad feirthe ag cúl an bhosca agus lasann lasc solas nuair a osclaítear an bosca.

Roghnú agus Fírinniú Réitigh

Cén smaoineamh dearaidh atá á dhéanamh agat?

Tá dearadh B á dhéanamh agam.

Tabhair fáthanna lena bhfuil an dearadh seo roghnaithe agat:

Leid: Féadfaidh tú tosca cosúil leo seo a leanas a lua; feidhmiúlacht, méid, cruth, ábhair, dath, uigeacht, próisis, am, costas, fochóras úsáidte s.rl.

Bheartaigh mé dearadh B a dhéanamh toisc gur mheas mé go gcoimeádfadh sé níos mó seodra ná dearadh A.

Chomh maith leis sin, measaim go bhfeidhmeodh an solas i ndearadh B níos fearr ná an mótar i ndearadh A.

Ní rabhthas cinnte an mbeinn in ann an ghloine dhaite i ndearadh A a dhéanamh.

Líníochtaí le haghaidh déantúsaíochta

Cruthaigh teilgean ortagrafach nó líníocht 3D den dearadh deiridh atá agat.

Bíodh toisí ar do líníocht.

Bíodh an fochóras i do líníocht (léaráid ciorcaid agus/nó meicníocht).

Leid: Ba cheart go n-áireodh an chuid seo méid agus cruth na gcodanna uile de do dhearadh agus ba cheart go léireofaí conas mar a dhéanfar iad a chóimeáil.



Líníochtaí le haghaidh déantúsaíochta



Plean déantúsaíochta

Liostaigh na céimeanna tógtha chun do dhearadh a dhéanamh.

Leid: Cuimhnigh ar gach cuid agus an fochóras a áireamh ann.

Mharcáil mé baill mo bhosca amach ar dhéil dhearg.

Ghearr mé amach iad ag úsáid an scrollsáibh.

Ghearr mé amach an sliotán don tarraiceán chun tosaigh agus don chadhnra ar chúl. Ghearr mé amach an sliotán don lasc freisin.

Ghreamaigh mé na taobhanna, an t-éadan agus an cúl le chéile le gliú agus clampaí.

Ghearr mé amach an sraithadhmad don bhonn agus do na codanna.

Ghearr mé amach na baill don tarraiceán agus chuir le chéile iad ag úsáid gliú.

Ghreamaigh mé isteach na codanna agus an bonn le gliú.

Ghearr mé amach an chuid ar barr.

D'fheistigh mé na hinsí don bharr agus don urrann cadhnra ar chúl.

D'fheistigh mé an claspa maighnéadach.

Shádráil mé na sreanga do phionnaí Com agus NC na laisce.

Shádráil mé an chuid eile den chiorcad le chéile agus rinne tástáil air.

Ghreanáil mé na dromchlaí uile go mín.

D'úsáid mé iarann pireagrafaíochta chun m'ainm a scríobh ar an éadan agus chun roinnt maisiúchán a dhéanamh.

Chuir mé dhá chóta vearnaise leis.

D'fheistigh mé an scáthán, an fabraic do chúisíní na bhfáinní agus an hanla.

D'fheistigh mé an ciorcad don bhosca.

Liosta agus costas na n-ábhar

Liostaigh na hábhair a d'úsáid tú chun do thasc a dhéanamh sa tábla seo a leanas.

Ábhar	Fad (mm)	Leithead (mm)	Tiús (mm)	Líon Riachtanach	Costas
Déil Dhearg	252	100	12	1	€4.00
Déil Dhearg	240	130	12	2	
Déil Dhearg	76	124	12	2	
Déil Dhearg	210	50	12	1	
Déil Dhearg	80	45	12	2	
Sraithadhmad	205	45	6	1	€1.50
Sraithadhmad	240	76	6	1	
Sraithadhmad	76	130	6	2	
Sraithadhmad	76	50	6	1	
				Costas Iomlán	€5.50

Liostaigh na comhpháirteanna leictreonacha, meicníochtaí agus ábhair eile (m.sh. scriúnna, insí, péint s.rl.) a d'úsáid tú chun do thasc a dhéanamh sa tábla seo a leanas:

Ábhar	Costas
Insí práis x 2 móide inse beag d'urrann an chadhnra	€1.20
Claspa maighnéadach móide claspa beag d'urrann an chadhnra	€1.00
Bolgán & cró	40c
Micrealasc luamháin	35c
Fáiscín cadhnra	11c
Cadhnra 9 V	€2.00
Scáthán	€1.00
Fabraic	50c
Costas Iomlán	€6.56

Costas iomlán an taisc dhearaidh

€12.06

Tástáil

An oibríonn an dearadh críochnaithe?

Oibríonn

Mínigh do fhreagra:

Lasann an solas nuair a osclaítear clúdach an bhosca seodra. Tá cuma maith ar an mbosca agus coimeádann sé a lán seodra éagsúil.

Cad iad na slite ina gcomhlíonann/nach gcomhlíonann do thasc dearaidh críochnaithe na sonraíochtaí a liostaigh tú faoi 'Anailís den tasc **roghnaithe**'?

Mínigh do fhreagra.

Is dearadh maisiúil é an bosca. Scríobh mé m-ainm "Kate" thar tosach an bhosca.

Áiríonn sé solas a oibríonn nuair a osclaítear an bosca.

Coimeádann sé go leor cineálacha éagsúla seodra.

Tá na sreanga coimeádta as amharc ar chúl.

Measúnú

Aithin gné mhaith amháin den tasc dearaidh críochnaithe:

Tá sé láidir agus tá cuma maith air. Tá sé dathannach agus tá mórán codanna difriúla aige do sheodra.

Aithin gné amháin le feabhsú i do thasc dearaidh críochnaithe:

Tá an tarraiceán beagán docht. Bhí sé de cheart agam níos mó greanála a dhéanamh ar na ciumhaiseanna sular chóimeáil mé é. Chomh maith leis sin, ghreamaigh sé beagán sa bhosca de bharr na vearnaise. Bhí sé de cheart agam fanacht go dtí go raibh an vearnais triomaithe go hiomlán sular chuir mé an tarraiceán isteach sa bhosca.

Aithin athrú féideartha (más ann dó) a dhéanfá dá mba rud é go raibh an tasc dearaidh á chomhlíonadh arís agat:

Táim an-sásta le mo bhosca ach dá mbeinn á dhéanamh arís chuirfinn sraith LEDanna feadh an chúil toisc go dtógann an bolgán suas mórán slí agus bhí sé deacair é a fheistiú don chlúdach i gceart.